

Feidhm: Ag cur ceiste ar dhaoine an mbeidh siad saor agus ag freagairt na ceiste sin.

Bileoga: 14.1 agus 14.2

- Scaip **Bileog 14.1**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A ar dtús agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na ceisteanna leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile chun Cuid B a dhéanamh.
- Míneigh dóibh go bhfuil siad ag cuartú bealaí eile leis na focail a bhfuil líne fúthu a rá.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ar fad. Mar shampla:

Faic: tada, dada, a dháth

Cén fáth?: Cad chuige?, cad ina thaobh?

- Cuid C: Tabhair seans do gach beirt comhrá a bheith acu ag úsáid na n-abairtí atá ann dóibh.
- Ansin iarr ar dhaoine éagsúla an comhrá a bhí acu a rá os ard.
- Scaip **Bileog 14.2** agus léigh tríd na treoracha faoi Chuid A. Bí cinnte go dtuigeann siad cad é atá le déanamh acu.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó don rang.
- Cuid B: Iarr orthu a bhfreagraí a sheiceáil leis an duine in aice leo.
- Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.
- Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang na freagraí a sholáthar duit.
- Bí cinnte go bhfuil an struchtúr ar eolas acu sula mbogann tú ar aghaidh.

Feidhm: Ag tabhairt cuiridh do dhuine/ag glacadh agus ag diúltú do chuireadh agus ag cur díomá in iúl

Bileoga: 14.3, 14.4 agus 14.5

- Scaip **Bileog 14.3**. Léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus tabhair deis do na foghlaimoirí an cheist agus na freagraí a léamh amach os ard dá chéile.
- Déan druil leis an rang ag cleachtadh an struchtúir seo, mar shampla:
 - Ar mhaith leat caife a ól liom ag an sos?
 - Ba mhaith.
 - Ar mhaith leat cupán tae?
 - Níor mhaith, go raibh maith agat.
- Cuid B: Léigh tríd na treoracha leo agus míneigh dóibh go gcaithfidh siad abairtí a chumadh bunaithe ar na pictiúir, ag obair leis an duine in aice leo.

- Iarr ar gach duine sa rang na habairtí a léamh amach os ard. Ceartaigh botún ar bith a chloisfidh tú.

Abairtí samplacha:

1. Beidh mé ag tabhairt aire do na páistí.
 2. Beidh mé ar laethanta saoire.
 3. Beidh mé ag obair.
 4. Beidh mé i bPáras.
- Scaip **Bileog 14.4** ar an rang agus abair leo Cuid A a léamh.
 - Nuair atá sé léite acu cur ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
 - Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
 - Mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht leis an téip. Tabhair cúpla bomaite dóibh na ceisteanna a léamh agus a thuiscint.
 - Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
 - Cuir an téip ar siúl arís más mian leo é.
 - Cuid C: Déan plé ar an abairt – ‘Is mór an trua sin’ agus bí cinnte go dtuigeann an rang an bhrí.
 - Ansin abair leo a bheith ag obair ina mbeirteanna le cleachtadh a dhéanamh ar na habairtí atá faoi Chuid C.
 - Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:
 - Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé hAoine?
 - Faic. Cad chuige?
 - Ar mhaith leat dul chuig ceolchoirm?
 - Ba bhreá liom.nó
 - Ar mhaith leat dul chuig ceolchoirm oíche Dé hAoine?
 - Ba bhreá ach beidh mé ag tabhairt aire do na páistí an oíche sin.
 - Is mór an trua sin.
 - Bíodh na cártaí ar **Bileog 14.5** gearrtha agat roimh an rang. Bíodh cárta amháin ann do gach duine.
 - Ar an chárta tá an chúis nach féidir leis an bhfoghlaimeoir dul leis an duine a chuireann ceist air/uirthi dul áit éigin an tseachtain seo.
 - Iarr orthu labhairt leis na daoine eile sa rang ag cur agus ag freagairt ceisteanna bunaithe ar chuirí agus leithscéalta.
 - Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:
 - Ar mhaith leat dinnéar a ithe liom?
 - Ba bhreá liom ach tá mé gafa.

- Ar mhaith leat dul chuig scannán liom?
 - Bá bhreá liom ach tá mé ag staidéar.
- Nuair atá píosa maith cainte déanta acu iarr ar chúpla duine an comhrá a bhí eatarthu a dhéanamh os comhair an ranga.

Feidhm: Ag iarraidh teacht ar chinneadh agus ag déanamh moltaí

Bileoga: 14.6 agus 14.7

- Scaip **Bileog 14.6** agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- Cuid A: Mínigh dóibh go gcaithfidh siad an briathar a chur san aimsir cheart agus go gcaithfidh siad an focal ‘sa’ a athrú.

Cad é a dhéanfaimid san oíche amárach?

Cad é/Céard faoi dhul chuig dráma?

- Mínigh dóibh go dtagann séimhiú ar an bhriathar i ndiaidh na litreach ‘a’ sa chás seo agus go gcuirtear ‘n’ ar an fhocal ‘sa’ nuair a thagann sé roimh fhocal a thosaíonn le guta.
- Chomh maith leis sin, mínigh dóibh go dtagann séimhiú ar fhocal a thagann díreach i ndiaidh an réamhfhocail shimplí ‘faoi’.
- Nuair a thuigeann siad an dá cheist abair leo Cuid B a dhéanamh.
- Bí cinnte go dtuigeann siad go mbainfidh na focail le hócáidí sóisialta a shocrú san Aimsir Fháistineach.
- Seo samplaí thíos.

Briathra san Aimsir Fháistineach

Gheobhaidh muid. . .

Rachaidh muid
Ceannóidh muid
Íosfaidh muid
Imreoidh muid
Ólfaidh muid

Le déanamh. . .

Scannán

Dinnéar

Ag siúl

Peil

Béile

Ag snámh

Sacar

- Cuid C: Tabhair seans dóibh na treoracha agus na comhráite samplacha a léamh.
- Abair leo ansin a bheith ag caint le chéile ag úsáid na bhfocal ó Chuid B agus na gcomhráite faoi Chuid C.

- Nuair atá tamall maith cainte déanta acu iarr ar chúpla péire sa rang a gcomhrá a dhéanamh os comhair an ranga.
- Scaip **Bileog 14.7** ar an rang. Abair leo gur cleachtadh éisteachta atá ann.
- Léigh na treoracha faoi Chuid A agus bí cinnte go dtuigeann siad cad é go díreach a bheidh ar an téip.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó. Tabhair bomaite no dhó dóibh idir an dá éisteacht le seans a thabhairt dóibh na freagraí a scríobh.
- Cuid B: Iarr orthu a gcuid freagraí a mhalartú le feiceáil an raibh na freagraí céanna acu.
- Ceartaigh thusa an ghníomhaíocht leis an rang iomlán.

Feidhm: Ag plé cúrsaí ama

Bileoga: 14.8

- Scaip **Bileog 14.8** agus léigh tríd Cuid A. Mínigh don rang gur dul siar atá anseo ar an am.
- Tarraing cúpla clog ar an chlár dubh agus tarraing amanna cosúil le 2.55, 6.05, 10.50 etc. Iarr ar dhaoine éagsúla an t-am a rá as Gaeilge.
- Cuid B:
 1. Abair leis na foghlaimoirí amanna a scríobh sna spásanna.
 2. Glacfaidh siad beirt sealanna ansin na hamanna a scríobh siad a léamh amach don duine eile agus ag scríobh na n-amanna a bhí ag an duine eile.
 3. Abair leo na hamanna a thaispeáint dá chéile ansin le feiceáil ar bhreac siad na hamanna cearta síos.
- Cuid C: Tabhair tamall do gach beirt a machnamh a dhéanamh faoin dá abairt agus Gaeilge a chur orthu.
- Ceartaigh leis an rang ar fad é ansin.

Feidhm: Ag socrú ama

Bileoga: 14.9 agus 14.10

- Scaip **Bileog 14.9**. Léigh na treoracha faoi Chuid A agus tabhair seans do na foghlaimoirí an freagra ceart a roghnú do gach ceist. Léigh tríd na ceisteanna agus freagraí leo le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- Cuid B: Nuair atá siad críochnaithe ag obair ina n-aonar abair leo labhairt leis an duine in aice leo le feiceáil an raibh na freagraí céanna acu.
- Tabhair seans dóibh smaoineamh ar fhreagraí eile gur féidir a úsáid sna cásanna seo.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leo.

Freagraí:

1. Ar mhaith leat teacht liom? B. Ba mhaith.

- | | |
|-------------------------------------|-------------------------------------|
| 2. Cén t-am a chasfaimid le chéile? | A. Ar leath i ndiaidh a sé. |
| 3. Cad é faoi dhul chuig scannán? | B. Cinnte. |
| 4. Cén t-am a thosóidh sé? | B. Ar chúig bhomaite go dtí a naoi. |
- Iarr orthu ansin na freagraí eile ar smaoinigh siad orthu a insint duit, mar shampla:

1. Ar mhaith leat teacht liom?	Ba bhreá liom/Cinnte.
2. Cén t-am a chasfaimid le chéile?	Amanna difriúla.
3. Cad é faoi dhul chuig scannán?	Sin tuairim maith/Cén scannán?
4. Cén t-am a thosóidh sé?	Amanna difriúla.
 - Téigh siar ar na tuairimí éagsúla.
 - Cuid C: Cuir gach beirt ag obair le chéile arís le píosa beag cainte a dhéanamh.
 - Tá ar na foghlaimeoirí an oiread eolais agus is féidir a fháil faoi imeacht/ócáid amháin a bhfuil an duine in aice leo ag dul chuige.
 - Seo na ceisteanna a bheidh de dhíth:

Cad é atá tú a dhéanamh an tseachtain seo?
Cén oíche/lá atá tú ag dul ann?
Cé a bheidh leat?
Cén t-am a thosóidh sé?

- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang a insint duit cad é atá an duine in aice leo ag déanamh an tseachtain sin.
- Ceartaigh botún ar bith más gá.
- Scaip **Bileog 14.10** ar an rang. Caithfidh siad dhá rud a bheidh siad féin ag déanamh an tseachtain seo a scríobh isteach sa dialann, mar shampla:
Dé Máirt: An phictiúrlann, 8 pm.
Dé hAoine: Cóisir, 9 pm.
- Ansin leanann siad ar aghaidh go dtí Cuid B. Beidh siad ag siúl timpeall an ranga ag cuartú daoine le dul chuig na himeachtaí seo leo.
- Beidh daoine ag iarraidh orthusan chomh maith dul amach leo. Beidh gach duine mar sin ag glacadh le cuirí agus ag diúltú do chuirí.
- Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:
 - Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé Máirt?
 - Faic. Cad chuige?
 - Cad é faoi dhul go dtí an phictiúrlann?
 - Go hiontach. Cén t-am a chasfaimid le chéile?
 - A hocht a chlog, agus casfaidh mé leat taobh amuigh den phictiúrlann.
 - Cinnte. Feicfidh mé ansin tú.

nó

- Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé Máirt?

- Tá mé ag tabhairt aire do na páistí.
 - Is mór an trua sin. Tá mise ag dul go dtí an phictiúrlann.
-
- Ba cheart go mbeadh an dialann líonta acu faoi dheireadh na gníomhaíochta.
 - Iarr ar dhaoine éagsúla a bhfuil líonta acu sa dialann a léamh amach duit.

Feidhm: Ag cur rá le duine cén t-am a bhaileoidh tú é/í
Bileoga: 14.11, 14.12, 14.13 agus 14.14

- Tabhair **Bileog 14.11 – Duine A** do leath an ranga agus **Bileog 14.12 – Duine B** don leath eile agus cuir gach duine ag obair ina mbeirteanna.
- Iarr orthu féachaint ar an eolas atá tugtha faoi Chuid A agus tabhair tamall dóibh machnamh a dhéanamh ar an eolas sin. Bí cinnte go dtuigeann an rang gach rud atá ann.
- Cuid B: Tabhair seans dóibh anois féachaint ar an eolas atá tugtha faoi Chuid B. Ní hionann an t-eolas ar an dá leathanach.
- Cuid C: Iarr ar gach beirt socruithe a dhéanamh le chéile bunaithe ar na rudaí atá le déanamh acu faoi Chuid C.
- Bí tú féin thart má bhíonn ceist ar bith acu.
- Iarr ar chúpla duine sa rang labhairt faoi na socruithe ata déanta acu.

Páipéar Scrúduithe

- Mínigh don rang gur cleachtadh é seo do na scrúduithe - bunaithe ar scrúdú samplach A2.
- Tabhair **Bileog 14.13 – Duine A** do leath an ranga agus **Bileog 14.14 – Duine B** don leath eile agus cuir gach duine ag obair ina mbeirteanna.
- Glacfaidh duine amháin ról *duine A* agus an duine eile ról *duine B* ach tá eolas difriúil acu beirt.
- Caithfidh siad ceisteanna a chur ar a chéile bunaithe ar an chomhrá samplach. Cuirfidh *duine A* ceisteanna ar *dhuine B* ar dtús faoi na laethanta saoire a bhí aige/aici. Ansin cuirfidh *duine B* ceisteanna ar *dhuine A*.
- Abair leo úsáid a bhaint as an chomhrá samplach le cuidiú leo.
- Iarr ar chúpla duine sa rang an comhrá a dhéanamh os comhair an ranga.
- Déan plé ginearálta faoi na scrúduithe ag an phointe seo.

Feidhm: Ag gabháil buíochais
Bileoga:

- Scríobh an abairt ‘Tá mé an-bhuíoch díot’ ar an chlár dubh agus cuir ceist ar an rang cad is brí léi.
- Déan druil leis an rang ansin ag cleachtadh an struchtúir, mar shampla:

- Baileoidh mise anocht tú!
- Tá mé an-bhuíoch díot!

- Seo dhuit leabhar úr!
- Go raibh maith agat, tá mé an-bhuíoch díot.